Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Deireadh Fómhair 2021
(OR. en)**

**12594/1/21
REV 1**

**CLIMA 292
ENV 736
ONU 92
DEVGEN 172
ECOFIN 948
ENER 416
FORETS 53
MAR 189
AVIATION 253**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12306/21 |
| Ábhar: | Ullmhúcháin do chruinnithe de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), (Glaschú, ón 31 Deireadh Fómhair go dtí an 12 Samhain 2021)<br>– Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 3815ú cruinniú dá cuid, an 6 Deireadh Fómhair 2021.

Leasaíodh an téacs i mír 22, an 4ú fleasc, chun na focail "an tAontas" a chur isteach.

**IARSCRÍBHINN**

**Ullmhúcháin do chruinnithe de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), (Glaschú, ón 31 Deireadh Fómhair go dtí an 12 Samhain 2021)**

***- Conclúidí ón gComhairle -***

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

A PHRÁINNÍ ATÁ SÉ GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE

1. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur bagairt dhíreach eiseach é an t-athrú aeráide ar an gcine daonna agus ar an mbithéagsúlacht, bagairt nach féidir le tír ar bith éalú uaithi; ach d'ainneoin sin, ní leor fós an gníomhú domhanda ar son na haeráide. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a phráinní atá sé an fhreagairt dhomhanda a neartú chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim aeráide trí ghníomhaíocht mhaolúcháin agus oiriúnúcháin, a rannchuidíonn le daoine, slite beatha, an geilleagar agus éiceachórais a chosaint; CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá aistriú domhanda a dhéanamh chuig geilleagair agus sochaithe atá aeráidneodrach, athléimneach, inbhuanaithe, ciorclach agus tíosach ar acmhainní. Ní mór don aistriú sin a bheith cóir agus ní mór a áirithiú nach bhfágfar éinne ar lár.

2. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur mór aici an obair a rinne an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an méid a chuir Meitheal I, maidir le Bunús Eolaíochta Fisicí an athraithe aeráide (Meitheal I), leis an Séú Tuarascáil Mheasúnachta (AR6) ón IPCC; TÁ SÍ AG SÚIL LEIS an méid a chuirfidh Meitheal II agus Meitheal III le AR6 i ndáil le Tionchair, Oiriúnú agus Leochaileacht, agus freisin le Maolú ar an Athrú Aeráide; sa chomhthéacs sin, IS CÚIS MHÓR IMNÍ DI an fhianaise faoi na hathruithe ar an gcóras aeráide ar fud an domhain atá á dtuairisciú ag IPCC, athruithe nach bhfacthas a leithéid roimhe, athruithe doleigheasta lena ndaingnítear gan aon amhras gur teo an t-atmaisféar, na haigéin agus an talamh sa lá atá inniu ann de dheasca thionchar an chine daonna. ATHDHEARBHAÍONN SÍ príomhthoradh Mheitheal I de AR6: go mbeidh an t-athrú aeráide amach anseo ag brath ar na hastaíochtaí a dhéanfar amach anseo, agus nach féidir an téamh domhanda a theorannú go 1.5°C ach amháin má dhéantar laghduithe láidre leanúnacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) sna blianta atá romhainn agus má bhíonn astaíochtaí domhanda dé-ocsaíde carbóin glan-nialasach thart ar 2050. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá dlús a chur láithreach leis an uaillmhian dhomhanda maidir leis an maolú ar an athrú aeráide sa ghearrthéarma, i bhfad roimh 2030, bunaithe ar an eolaíocht is fearr atá ar fáil.

3. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS na deiseanna agus na buntáistí eacnamaíocha agus sochaíocha a bhaineann leis na bearta maolúcháin agus oiriúnúcháin do gach tír, go háirithe i bhfianaise an téarnaimh ghlais mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19. Trí infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht agus i bpoist ghlasa, is féidir le gach sochaí tairbhe a bhaint as aistriú cóir cothrom chuig samhail eacnamaíoch ghlas nua. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach don aistriú glas go mbeadh sreabha airgeadais comhsheasmhach leis an ngluaiseacht i dtreo íseal-astaíochtaí GCT agus forbairt aeráid-díonach. ATHDHEARBHAÍONN SÍ FREISIN go bhfuil nasc láidir idir cur chun feidhme Chomhaontú Pháras agus Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus go bhfuil siad fite fuaite ina chéile.

4. IS CÚIS MHÓR IMNÍ DI I gCÓNAÍ nach leor fós na Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta (NDCanna) atá á dtíolacadh ag na páirtithe ná na conairí GCT atá ann faoi láthair chun spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras a bhaint amach. I ndáil leis an méid sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Sintéise ar NDCanna a d'ullmhaigh Rúnaíocht UNFCCC, a d'fhéadfadh a bheith ina cuidiú ag Páirtithe measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na gníomhaíochta ar son na haeráide.

5. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór do na páirtithe uile, go háirithe na príomhastaírí, a n-uaillmhian, idir ghearrthéarma agus fhadthéarma, a mhéadú agus feabhas a chur ar an ngníomhaíocht ar son na haeráide, lena n-áirítear trí phraghsáil charbóin a úsáid, agus nach mór dóibh a mheabhrú ag an am céanna gur aithin tíortha G20 le déanaí a thábhachtaí atá sé dlús a chur leis an ngníomhaíocht sin sna deich mbliana amach romhainn. Sa chomhthéacs sin, AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé deireadh a chur leis an dífhoraoisiú agus an tslándáil uisce agus bia a neartú, agus a thábhachtaí atá an fhorbairt inbhuanaithe, díothú na bochtaineachta, caomhnú na bithéagsúlachta agus sláine na n-éiceachorás.

6. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil an tAontas tiomanta cur chuige a chur chun cinn atá bunaithe ar an gcothromas agus ar chearta an duine agus d'urraim a thabhairt do chearta na bpobal dúchasach agus na bpobal áitiúil agus AITHNÍONN SÍ go mbíonn tionchair éagsúla de réir inscne ag na beartais don athrú aeráide agus nach mór an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a chur chun cinn má tá an ghníomhaíocht ar son na haeráide le bheith éifeachtach.

7. ADMHAÍONN SÍ gur láidir an t-éileamh ón tsochaí shibhialta, ó leanaí agus ón óige go háirithe, go mbeifí níos uaillmhianaí ag gníomhú ar son na haeráide, agus an cothromas idirghlúine á chur san áireamh, agus gur gá aistriú éiceolaíoch a chur ar bun a rachadh chun tairbhe na sochaí agus lena gcuirfí riachtanas na saoránach san áireamh; Sa chomhthéacs sin, AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá rannpháirtíocht agus rannpháirteachas gníomhach an phobail chomh maith le rochtain ar fhaisnéis i dtaobh gníomhú ar son na haeráide a phleanáil agus a chur chun feidhme.

8. MEABHRAÍTEAR DI Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 24-25 Bealtaine 2021[1] agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an móiminteam domhanda chun dlús a chur leis an ngníomhú ar son na haeráide. MEABHRAÍTEAR DI na Conclúidí ón gComhairle an 25 Eanáir 2021 maidir leis an Taidhleoireacht Aeráide agus Fuinnimh[2] agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur bagairt é an t-athrú aeráide ar an gcobhsaíocht agus an tslándáil idirnáisiúnta, a mbeidh iarmhairtí diúltacha tromchúiseacha ag baint leis don chomhphobal idirnáisiúnta. ATHDHEARBHAÍONN SÍ i ndáil leis an méid sin, a thábhachtaí atá sé go ngníomhódh an tAontas agus a Bhallstáit ar bhealach láidir comhordaithe trí thaidhleoireacht ghníomhach Eorpach maidir leis an aeráide agus fuinneamh.

GNÍOMHAÍOCHT, UAILLMHIAN AGUS TACAÍOCHT A FHEABHSÚ

9. Agus COP26 ar na bacáin, ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an rannpháirteachas idirnáisiúnta trí iltaobhachas rialacha-bhunaithe ríthábhachtach chun torthaí rathúla a bhaint amach agus aghaidh á tabhairt ar an athrú aeráide. IARRANN SÍ ar na páirtithe uile teacht chun tosaigh le spriocanna agus beartais náisiúnta uaillmhianacha agus TATHANTAÍONN SÍ ar na geilleagair mhóra, go háirithe iad siúd nach ndearna go fóill é, NDCanna feabhsaithe uaillmhianacha a chur in iúl nó a nuashonrú in am do COP26, agus straitéisí forbartha fadtéarmacha íseal-astaíochtaí GCT a thíolacadh freisin i dtreo astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil gá le tuilleadh uaillmhéine domhanda má táimid le gealltanais a thabhairt chomh fada le Glaschú lena mbeifear in ann, ar bhonn comhiomlán, an cuspóir 1.5°C a bhaint amach, i gcomhréir le Comhaontú Pháras.

[1] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-5-2021-INIT/ga/pdf
[2] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-5263-2021-INIT/ga/pdf

10. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur gealltanas comhroinnte idir na páirtithe ar fad é go mbainfí amach spriocanna uile Chomhaontú Pháras agus gur cuspóir comhroinnte freisin é idir páirtithe uile COP26 go gcomhlíonfaí na rialacha agus na treoirlínte maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras ar bhealach mion cuimsitheach daingean feidhmiúil.

11. MEABHRAÍTEAR DI an Comhaontú Glas don Eoraip, ar straitéis an Aontais é don fhás inbhuanaithe, agus gealltanas an Aontais a bheith aeráidneodrach faoi 2050, a cuireadh in iúl do UNFCCC ina straitéis fhadtéarmach in 2020. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS freisin gur thíolaic an tAontas nuashonrú uaillmhianach ar a rannchuidiú arna gcinneadh go náisiúnta i mí na Nollag 2020 lena raibh sprioc cheangailteach glanlaghdú intíre de 55 % ar a laghad ar astaíochtaí GCT a bhaint amach faoi 2030 i gcomparáid le 1990. Is freagairt é sin ar an iarraidh go gcuirfeadh na páirtithe uile a NDCanna in iúl nó a nuashonrú faoi 2020 agus ar an gcuspóir go mbeifí a uaillmhianaí ab fhéidir agus NDCanna á gcoigeartú, de réir mar a comhaontaíodh i bPáras. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an cuspóir go mbeifí aeráidneodrach faoi 2050 ar a dhéanaí, cumhdaithe anois i reachtaíocht an Aontais leis an Dlí Aeráide Eorpach, agus é mar aidhm go mbeadh na hastaíochtaí níos ísle ná sin fiú ina dhiaidh sin, agus sprioc aeráide níos airde ag an Aontas do 2030.

12. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go gcuirfear an gealltanas seo chun feidhme ar bhonn an phacáiste de bhearta reachtacha dar teideal ‘Oiriúnach do 55’ a ghlac an Coimisiún Eorpach i mí Iúil 2021 agus ar freagairt é ar an ngá creat beartais an Aontais don aeráid agus don fhuinneamh atá ann cheana a nuashonrú trí shúil a chaitheamh an athuair ar bheartais aeráide, úsáide talún, iompair agus cánachais an Aontais. MEABHRAÍTEAR DI go ndéanfaidh an tAontas an sprioc nua do 2030 a sheachadadh ar an mbealach is costéifeachtaí is féidir agus rannchuideoidh na Ballstáit uile san iarracht seo, agus prionsabail an chothromais agus na dlúthpháirtíochta á gcur san áireamh ionas nach bhfágfar éinne ar lár.

13. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR i gcás aon rialacha maidir le comhar deonach i ndáil le cur chun feidhme NDCanna, nach mór an méid seo a leanas a dhéanamh: an uaillmhian dhomhanda a chothú, an tsláine chomhshaoil a áirithiú, an t-áireamh dúbailte a sheachaint, an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, agus urraim do chearta an duine a áirithiú trí chosaintí ábhartha a chur san áireamh. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé obair tháirgiúil a dhéanamh leis na páirtithe uile chun teacht ar chomhaontú maidir le rialacha stóinsithe i nGlaschú.

14. SEASANN SÍ LEIS AN TUAIRIM nach mór méadú suntasach a dhéanamh ar na hiarrachtaí maolúcháin domhanda, ós rud é go laghdófaí, leis sin, na rioscaí a eascraíonn as an athrú aeráide, a thionchar agus na riachtanais oiriúnúcháin. AITHNÍONN SÍ, áfach, gur gá dlús a chur leis na hiarrachtaí oiriúnúcháin ar bhealach práinneach, sa bhreis ar na laghduithe ar astaíochtaí, i bhfianaise na dtionchar aeráide leabaithe, agus a ríthábhachtaí atá an t-oiriúnú san fhreagairt dhomhanda ar an athrú aeráide agus a chomhthairbhí iomadúla. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil an tAontas ag gníomhú chun é féin a oiriúnú do dhrochéifeachtaí an athraithe aeráide trí Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú gona fís fhadtéarmach den Aontas mar shochaí aeráid-díonach faoi 2050. Ina theannta sin, cuirtear ar fáil leis an Dlí Aeráide Eorpach bonn don uaillmhian mhéadaithe chun dlús a chur leis an acmhainneacht oiriúnaitheach, an athléimneacht a neartú agus leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá Teachtaireacht an Aontais maidir le hOiriúnú chun na forbairtí is déanaí maidir le gníomhaíocht oiriúnúcháin an Aontais a thaispeáint. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil straitéisí náisiúnta oiriúnúcháin glactha ag Ballstáit uile an Aontais.

15. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé do na páirtithe uile an athléimneacht a fhorbairt agus leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú. ADMHAÍONN SÍ riachtanais sonracha agus cúinsí speisialta na dtíortha i mbéal forbartha, go háirithe na tíortha is lú forbairt agus stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha atá níos leochailí i dtaobh iarmhairtí an athraithe aeráide, a mhéid a bhfuil cuid acu i mbaol imeacht ón saol. MEABHRAÍTEAR DI na Conclúidí ón gComhairle an 10 Meitheamh 2021 maidir le hoiriúnú[3] agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gné idirnáisiúnta an oiriúnúcháin a tugadh isteach i Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú, lena méadófar an tacaíocht ón Aontas d'athléimneacht agus ullmhacht idirnáisiúnta maidir leis an aeráid, lena n-áirítear trí bhorradh a chur faoin airgeadais idirnáisiúnta agus rannpháirteachas domhanda níos láidre. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go dtacaíonn an tAontas agus a Bhallstáit le tíortha comhpháirtíochta chun feabhas a chur ar a n-acmhainneachtaí oiriúnaitheacha chun rioscaí aeráide a mheas, a bhainistiú agus a laghdú, e.g. trí chórais faireacháin agus mheastóireachta a fheabhsú, lena n-áirítear an obair ar shonraí comhshaoil inrochtana, idir-inoibritheacha agus barántúla, agus réitigh dhigiteacha shonraíbhunaithe, mar aon le sásra árachais agus sásraí airgeadais eile a chur ar aghaidh don bhainistiú riosca. Leis na gníomhaíochtaí sin beifear in ann cuidiú le pobail leochaileacha a n-athléimneacht a neartú tríd an riosca go dtarlóidh caillteanais nó damáistí a bhainistiú agus a laghdú.

[3] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-9419-2021-INIT/ga/pdf

16. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a ríthábhachtaí atá sé sreabha airgeadais a ailíniú leis an gconaire i dtreo íseal-astaíochtaí GCT agus le forbairt aeráid-díonach chun dlús a chur leis an aistriú chuig geilleagar domhanda agus sochaí dhomhanda a bheidh aeráidneodrach athléimneach. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór maoiniú agus infheistíocht inbhuanaithe a chur chun cinn. MEABHRAÍTEAR DI gurb é an tAontas agus a Bhallstáit an príomh-ranníocóir domhanda don chúnamh forbraíochta agus gurb é an ranníocóir domhanda is mó é do mhaoiniú don aeráid, agus aon trian, ar a laghad, den mhaoiniú poiblí domhanda don aeráid á chur ar fáil acu, ar níos mó ná dhá oiread é an mhéid a chuir siad ar fáil in 2013.

17. ATHDHAINGNÍONN SÍ go bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta i gcónaí do shlógadh an mhaoinithe idirnáisiúnta don aeráid a uas-scálú, mar chuid de sprioc chomhpháirteach na dtíortha forbartha chun USD 100 billiún a shlógadh in aghaidh na bliana idir 2020 agus 2025, ar maoiniú é a thiocfaidh as raon leathan foinsí, trí ionstraimí éagsúla agus ar bhealaí éagsúla, i gcomhthéacs gníomhaíochtaí ciallmhara maolúcháin agus trédhearcacht maidir le cur chun feidhme. IARRANN SÍ ar thíortha eile slógadh an mhaoinithe idirnáisiúnta don aeráid a uas-scálú chomh maith agus AITHNÍONN SÍ nach mór an chothromaíocht idir gníomhaíochtaí maolúcháin agus oiriúnúcháin a fheabhsú a thuilleadh mar aon le feabhas a chur ar acmhainneacht ionsúcháin airgeadais na dtíortha atá i mbéal forbartha.

18. MOLANN SÍ DO na Bainc Forbartha Iltaobhacha agus do na hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais eile dlús suntasach a chur lena n-iarrachtaí a gcuid straitéisí, gníomhaíochtaí agus infheistíochtaí a ailíniú le spriocanna Chomhaontú Pháras, i gcomhthéacs gach sreabh airgeadais a bheith comhsheasmhach le conaire i dtreo íseal-astaíochtaí GCT agus le forbairt aeráid-díonach, agus gur DÍOL SÁSAIMH DI na straitéisí a bhunaigh roinnt príomh-MDBanna, lena n-áirítear, mar cheannródaí, an Banc Eorpach Infheistíochta, chomh maith leis an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha agus Grúpa an Bhainc Dhomhanda. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur den ríthábhachtach an maoiniú príobháideach don aeráid chun an t-aistriú chuig geilleagar domhanda aeráidneodrach a bhaint amach. TAGRAÍONN SÍ DO na Conclúidí ón gComhairle maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide roimh COP26.[4]

---

[4] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-12203-2021-INIT/ga/pdf

19. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a riachtanaí a bheidh an trédhearcacht agus an chuntasacht a bhéarfar faoin gCreat Trédhearcachta Feabhsaithe maidir leis an ngníomhaíocht agus leis an tacaíocht faoi seach, chun muinín a chruthú agus a chothabháil i measc na bpáirtithe má táimid lenár ngealltanais a chur chun feidhme ar bhealach trédhearcach cruinn iomlánach inchomparáide comhsheasmhach. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá na rialacha chun an dul chun cinn a rinneadh i gcur chun feidhme agus i mbaint amach NDCanna na bpáirtithe a rianú agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá na rialacha sin a bhfuil feidhm acu maidir le hAirteagal 6, le gur mó an uaillmhian agus chun cabhrú leis na páirtithe, ar bhonn aonair agus ar bhonn comhchoiteann, cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach.

20. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá athbhreithniú domhanda cuimsitheach cuspóirbhunaithe ar mhaithe le hionchur fóinteach a chur ar fáil do thimthriall uaillmhéine cúig bliana Chomhaontú Pháras agus ar mhaithe leis an uaillmhian dhomhanda a mhéadú, i bhfianaise na heolaíochta is déanaí. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór a áirithiú go mbeidh na hionchuir riachtanacha ar fáil in am trátha don chéad athbhreithniú domhanda a bheidh ar siúl in 2023. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cheart do thorthaí an athbhreithniúcháin dhomhanda a bheith mar bhunús agus mar dhreasacht leanúnach do ghníomhaíocht uaillmhianach fheabhsaithe ar son na haeráide, ar bhonn aonair agus ar bhonn comhchoiteann. Ba cheart, go háirithe, go spreagfadh an t-athbhreithniú na páirtithe uile chun bogadh, in imeacht aimsire, chuig spriocanna maolúcháin uile-gheilleagair sna NDCanna agus sna straitéisí forbartha fadtéarmacha íseal-astaíochtaí GCT, chomh maith le gníomhaíocht oiriúnúcháin fheabhsaithe agus modhanna cur chun feidhme, i bhfianaise spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras.

A BHFUIL LE BAINT AMACH I nGLASCHÚ

21. TÁ SÚIL AICI go nglacfar toradh cuimsitheach cothrom i nGlaschú lena n-áiritheofar freagairt uaillmhianach dhomhanda ar an athrú aeráide, agus ar an gcaoi sin an sprioc 1.5 °C a bhaint amach, i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus i bhfianaise na heolaíochta, go háirithe an tuarascáil is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide.

22. Tá sé de RÚN DAINGEAN AICI an méid seo a leanas a dhéanamh:

– Leabhar Rialacha Katowice a thabhairt chun críche ag COP26 ar bhonn an dul chun cinn a rinneadh ag na pléití fíorúla neamhfhoirmiúla ó bhí COP25 ann in 2019;

– rialacha cuimsitheacha maidir le hAirteagal 6 a thabhairt i gcrích lena gcumasófar gníomhaíocht, lena n-áirítear gníomhaíocht dheonach maidir leis an margadh carbóin, a bheidh comhsheasmhach leis an uaillmhian dhomhanda mhéadaithe is gá agus le haeráidneodracht a bhaint amach, agus lena seachnófar an t-áireamh dúbailte agus a bheith gaibhnithe ar chonairí ardastaíochtaí, lena gcothófar an dul chun cinn agus an fhorbairt inbhuanaithe, lena n-áiritheofar sláine chomhshaoil agus uaillmhian, lena dtabharfar aghaidh ar rioscaí amhail easpa buaine agus sceitheadh, agus lena gcuirfear coimircí sóisialta i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí tríd an méid seo a leanas:

a) rialacha cuimsitheacha stóinseacha maidir leis an gcuntasaíocht i dtaca le gach toradh maolúcháin idirnáisiúnta trí choigeartuithe comhfhreagracha a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear i ndáil leis an sásra dá bhforáiltear in Airteagal 6.4 agus leis an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA);

b) an sásra dá bhforáiltear in Airteagal 6.4 a bheith réamhbhreathnaitheach uaillmhianach, sa chaoi go gcuirfear ar chumas na bpáirtithe feabhas a chur ar a gcuid iarrachtaí maolúcháin trí rannchuidiú lena gcuid straitéisí maolúcháin féin, lena n-áirítear trí mhodheolaíochtaí bunlíne uaillmhianacha; agus cinntí maidir le haistriú ó shásraí Phrótacal Kyoto trí thús pras a chur leis an sásra dá bhforáiltear in Airteagal 6.4 agus trí shásraí Phrótacal Kyoto a thabhairt chun críche ar bhealach nach laghdaíonn uaillmhian Chomhaontú Pháras;

c) teacht ar chomhaontú maidir leis an gclár oibre don chreat le haghaidh cuir chuige eile seachas cur chuige margadhbhunaithe, lena n-éascófar sineirgí agus éifeachtúlachtaí sa chomhar nach bhfuil margadhbhunaithe faoi Airteagal 6.8;

– socruithe a thabhairt i gcrích faoin gCreat Trédhearcachta Feabhsaithe, arb é a bheidh ina chnámh droma do Chomhaontú Pháras má tá an Comhaontú sin le bheith dea-fheidhmiúil, bunaithe ar na módúlachtaí, nósanna imeachta agus treoirlínte a comhaontaíodh in Katowice agus ar an dul chun cinn neamhfhoirmiúil a rinneadh ó bhí COP25 ann i Maidrid, agus á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an tacaíocht don fhothú acmhainneachta agus an cúnamh teicniúil chun a áirithiú go mbeidh na tíortha uile atá i mbéal forbartha rannpháirteach go hiomlán sa Chreat Trédhearcachta feabhsaithe;

– a chur in iúl, d'fhonn teacht ar chomhdhearcadh i nGlaschú, gurbh fhearr léi gur amchlár comhchoiteann cúig bliana a bheadh ann le haghaidh NDCanna na bpáirtithe uile, creat nach gcuirfidh an tAontas chun feidhme ó 2031 amach ach ar bhealach a bheadh comhsheasmhach leis an Dlí Aeráide Eorpach agus i gcás ina mbeadh ceangal ar na páirtithe uile é sin a dhéanamh.

23. TÁ SÍ AG SÚIL LEIS an méid seo a leanas:

– athbhreithnithe ar an Sainghrúpa maidir leis na Tíortha is Lú Forbairt mar aon le dul chun cinn, éifeachtacht agus feidhmíocht an Choiste um Oiriúnú, faoi seach, a dhéanamh agus a thabhairt chun críche ag COP26;

– bunaithe ar an obair a rinne an Coiste um Oiriúnú, plé a dhéanamh ar chuir chuige chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn foriomlán a rinneadh i mbaint amach na Sprice Domhanda maidir le hOiriúnú;

– dul chun cinn a dhéanamh san obair a bhaineann le hoiriúnú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí i dtaca leis an gcaillteanas agus damáiste a ghabhann le drochéifeachtaí an athraithe aeráide a sheachaint, a íoslaghdú agus aghaidh a thabhairt orthu faoi Shásra Idirnáisiúnta Vársá do Chaillteanas agus Damáiste, lena n-áirítear Líonra Santiago a oibríochtú go tráthúil agus go hiomlán;

– bailchríoch a chur ar threochlár Chomhpháirtíocht Oibre Koronivia maidir le Talmhaíocht agus an bealach chun cinn a d’fhéadfadh a bheith ann a phlé;

– an t-athbhreithniú rathúil ar Chlár Oibre Doha maidir le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún a thabhairt i gcrích, chomh maith le struchtúr a chur ar an obair a dhéanfar amach anseo chun Gníomhaíocht maidir le Cumhachtú Aeráide a chur chun feidhme;

– plé a thionscnamh maidir le sprioc nua chainníochtaithe chomhchoiteann a leagan síos ó 2025 amach maidir le maoiniú don aeráid i gcomhthéacs gníomhaíochtaí ciallmhara maolúcháin agus trédhearcacht cur chun feidhme, agus riachtanais agus tosaíochtaí tíortha atá i mbéal forbartha á gcur san áireamh, le go mbeadh na sreabha airgeadais comhsheasmhach le conaire i dtreo íseal-astaíochtaí GCT agus forbairt aeráid-díonach;

– páirt a ghlacadh i bplé straitéiseach i nGlaschú leis na páirtithe uile i gComhaontú Pháras chun aghaidh a thabhairt ar straitéisí forbartha fadtéarmacha íseal-astaíochtaí GCT sa tréimhse i ndiaidh 2020.

24. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá gníomhaíocht na ngeallsealbhóirí sin nach páirtithe iad agus MOLANN SÍ a n-iarrachtaí breise chun Comhaontú Pháras a chur chun feidhme go héifeachtach agus chun an t-athbhreithniú domhanda a ullmhú, lena n-áirítear tríd an gClár Oibre maidir le Gníomhú Domhanda ar son na hAeráide.

25. DÉANANN SÍ COMHGHAIRDEAS agus GLACANN SÍ BUÍOCHAS le Rialtas na Spáinne as COP25 a reáchtáil; le hUachtaránacht na Sile ar COP25, agus le hUachtaránacht inteachta na Ríochta Aontaithe ar COP26 agus lena comhpháirtí an Iodáil, as a ndua agus a dtiomantas sa tréimhse idir COP25 agus COP26, as ceardlanna agus comhairliúcháin le Cinn Toscaireachtaí agus airí a eagrú, lena n-áirítear an imeacht Réamh-COP agus Imeacht an Aosa Óig faoin Aeráid, agus as a n-obair leis na páirtithe, leis na geallsealbhóirí nach páirtithe iad agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha. Is DÍOL SÁSAIMH DI an obair a rinneadh ag seisiúin fhíorúla na bhFochomhlachtaí i mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh agus ag seisiúin nach iad agus ADMHAÍONN SÍ go bhfuil ceachtanna tábhachtacha le foghlaim faoin gcaoi ar féidir feabhas a chur ar phróiseas UNFCCC amach anseo.

EAGRAÍOCHTAÍ AGUS PRÓISIS IDIRNÁISIÚNTA EILE

26. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil dlúthcheangal idir an t-athrú aeráide, géarchéim na bithéagsúlachta, an fású agus an díghrádú talún, uisce agus aigéin agus go n-athneartaíonn siad a chéile, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach féidir aghaidh a thabhairt orthu go rathúil ach amháin trí chur chuige comhleanúnach ina bhfuil straitéisí a théann chun tairbhe do gach taobh, lena n-áirítear réitigh dhúlrabhunaithe lena ngabhann coimircí. IARRANN SÍ GO nDÉANFAÍ comhar agus sineirgí níos dlúithe idir Coinbhinsiúin Rio agus comhaontuithe iltaobhacha eile comhshaoil chomh maith le tionscnaimh ábhartha eile de chuid na Náisiún Aontaithe agus próisis idirnáisiúnta ábhartha eile nach iad.

27. TÁ SÍ AN-TIOMANTA I gCÓNAÍ na sineirgí idir UNFCCC agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch a neartú, lena n-áirítear an t-ailíniú leis an gCreat Domhanda Bithéagsúlachta iar-2020, agus bearta a threisíonn agus a théann chun tairbhe do gach taobh a chur chun cinn tuilleadh maidir leis an maolú ar an athrú aeráide, maidir leis an oiriúnú don athrú aeráide agus maidir le cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh.

28. Anuas air sin, TÁ SÍ TIOMANTA I gCÓNAÍ sineirgí a lorg agus an rannchuidiú aeráide is fearr agus is féidir a bhaint as Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac (UNCCD), Fóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí, Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste, Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa agus as an méid a baineadh amach faoi Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus faoi na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

29. TÁ SÍ TIOMANTA I gCÓNAÍ béim a leagan ar an ról bunriachtanach atá ag bainistiú inbhuanaithe aigéan agus uisce agus ag éiceachórais fholláine a bhaineann le huisce san athléimneacht fhoriomlán ó thaobh athléimneacht aeráide de, agus a thábhachtaí atá sé oibriú i gcomhréir le Gníomh Uisce na Náisiún Aontaithe 2018-2028.

30. IARRANN SÍ ar na Ballstáit uile, faoin Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) agus faoin Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), a áirithiú go rannchuideoidh an eitlíocht idirnáisiúnta agus an t-iompar muirí go cothrom chun spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach, ar bhealach nach gcuirfidh cosc ar stáit gníomhaíocht níos uaillmhianaí a dhéanamh, go n-áiritheofar sláine chomhshaoil, go seachnófar an t-áireamh dúbailte, agus nach n-eascróidh as sin saobhadh ar an iomaíocht ar bhealaí trádála ná ar chineálacha trádála, agus ag an am céanna, IARRANN SÍ go leanfaidh IMO agus ICAO, faoi UNFCCC, de thuairisciú a dhéanamh ar a gcuid gníomhaíochtaí i dtaca leis an aeráid. MOLANN SÍ, go háirithe, do IMO a cuid oibre a chur chun cinn maidir le bearta meántéarmacha agus fadtéarmacha a chur chun feidhme, agus MOLANN SÍ do ICAO sprioc uaillmhianach fhadtéarmach a ghlacadh chun astaíochtaí, ar an leibhéal domhanda, a laghdú.